2026/2111

24.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2111 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Meán Fómhair 2026

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2143 a mhéid a bhaineann leis an dáta cur chun feidhme forálacha áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(1), pointí (b) agus (c), agus Airteagal 53(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2143 ón gCoimisiún ([3]) leasaíodh Rialachán (AE) 2015/340 a mhéid a bhaineann le hoiliúint agus measúnú ar bhonn inniúlachta a thabhairt isteach agus oiliúint fhíorúil a chur ar rialtóirí aerthráchta. Go háirithe, leasaíodh leis pointe ATCO.C.005 d'Iarscríbhinn I (CUID ATCO) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340 tríd an bhféidearthacht a thabhairt isteach údarú a thabhairt do dhaoine a bhfuil nó a raibh ceadúnas náisiúnta rialtóra aerthráchta mhíleata acu teagasc a thabhairt ar fheistí oiliúna ionsamhalta eitilte, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais ábhartha.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 3, an tríú mír, pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2143, tháinig an pointe ATCO.C.005 leasaithe d'Iarscríbhinn I (CUID ATCO) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340 i bhfeidhm an 13 Bealtaine 2026. Mar sin féin, ní bheidh pointí ATCO.AR.A.010(ca) agus ATCO.AR.D.001(a)(1a), a chuirtear isteach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340, infheidhme ach ón 1 Eanáir 2029 ar aghaidh. Leis na pointí sin, tugtar cúraimí nua d'údaráis náisiúnta faoi Rialachán (AE) 2015/340 agus tagraítear do phointí ATCO.C.005(b) agus (c) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340. Ba cheart feidhm a bheith ag pointí ATCO.AR.A.010(ca) agus ATCO.AR.D.001(a)(1a) d'Iarscríbhinn II a luaithe is féidir ós rud é go bhfuil pointí ATCO.C.005(b) agus (c) d'Iarscríbhinn I dá dtagraíonn siad infheidhme cheana féin. Gan na forálacha sin a bheith curtha i bhfeidhm go pras ag na húdaráis náisiúnta, ní féidir na leasuithe a tugadh isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2143 ar phointe ATCO.C.005 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340 a chur chun feidhme, ag féachaint don fhíoras nach mór don údarás náisiúnta údarú a dheonú don duine a bheartaíonn a bpribhléidí a fheidhmiú a tugadh isteach i bpointe ATCO.C.005 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340. Ba cheart, dá bhrí sin, dáta chur i bhfeidhm na bhforálacha lena mbaineann a cheartú ionas go mbeidh feidhm acu a luaithe is féidir.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2143 a cheartú dá réir sin.

(5) Chun a áirithiú go gcuirfear Rialachán (AE) 2015/340 chun feidhme i gceart, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe.

(6) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 127(1) de Rialachán (AE) 2018/1139,

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 805/2011 ón gCoimisiún (IO L 63, 6.3.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/340/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2143 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/340 a mhéid a bhaineann le hoiliúint agus measúnú ar bhonn inniúlachta a thabhairt isteach agus oiliúint fhíorúil a chur ar rialtóirí aerthráchta (IO L, 2025/2143, 24.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2143/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 3, mír 3, de Rialachán (AE) 2025/2143, cuirtear isteach an pointe (ca) seo a leanas:

‘(ca) pointí (1) agus (2) d’Iarscríbhinn II’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN